# 8 Rialú agus Bainistiú Sócmhainní Oidhreachta Sochorraithe

**8.1** Is sócmhainní inláimhsithe iad sócmhainní oidhreachta a bhfuil cáilíochtaí stairiúla, ealaíonta, eolaíochta, teicneolaíochta, geoifisiceacha nó comhshaoil acu agus sealbhaítear agus cothaítear iad go príomha ar mhaithe le heolas agus cultúr a leathnú. Tá dhá chatagóir leathana de shócmhainní oidhreachta ann – sócmhainní dochorraithe (lena n-áirítear foirgnimh agus séadchomharthaí), agus sócmhainní sochorraithe. Áirítear le samplaí de shócmhainní oidhreachta sochorraithe péintéireachtaí, léarscáileanna, leabhair lámhscríbhinní, troscán seanda, iarsmaí agus trealamh stairiúil, agus bailiúcháin d'eiseamail nó uirlisí eolaíochta.

**8.2** Coinníonn an Stát, trína chuid gníomhaireachtaí, líon mór sócmhainní oidhreachta ag suíomhanna éagsúla. Ba cheart go gcloífí le dea-chleachtas sa bhealach a ndéantar bailiúcháin den sórt sin a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur ar fáil le feiceáil ag cuairteoirí, agus chun críocha taighde agus oideachais.

**8.3** Teastaíonn córais agus nósanna imeachta oiriúnacha ó eagraíocht lena chinntiú go ndéantar a cuid sócmhainní a chosaint, a fhaire agus a bhainistiú ar mhaithe leis an eagraíocht. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás sócmhainní oidhreachta, mar in éineacht le luach airgid a bheith acu, tá luach bunúsach acu ó pheirspictíocht oideachais, stairiúil nó tíreolaíochta de nó de bharr an cheangail atá acu le duine, áit nó le hócáid.

**8.4** Mar gheall ar chomh speisialta is atá sócmhainní oidhreachta, ní mór aird bhreise a thabhairt ar an gcaoi a dhéantar iad a rialú, a chosaint agus a bhainistiú. Teastaíonn béim ar leith maidir leis an timpeallacht ina sealbhaítear iad.

**8.5** Dírítear sa tuarascáil seo ar shócmhainní oidhreachta sochorraithe arna sealbhú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (an Roinn) agus ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW).

- Sealbhaíonn an Roinn sócmhainní oidhreachta in dhá shuíomh a bhfuil rochtain phoiblí ar an dá cheann acu. Ina theannta sin, sealbhaíonn an Roinn sócmhainní oidhreachta áirithe i stóras, go háirithe in Ionad Acmhainní na mBailiúchán a chomhroinneann sé le Músaem Náisiúnta na hÉireann.
- Sealbhaíonn an OPW sócmhainní oidhreachta sochorraithe ag 17 dá áitreabh stairiúil. Ina theannta sin, bainistíonn an OPW thart ar 800 séadchomhartha náisiúnta agus tá sócmhainní oidhreachta sochorraithe i roinnt díobh. Bainistíonn an OPW bailiúchán ealaíne leis an Stát freisin.

## Ábhar a Chuaigh Amú as Teach Chill Airne

**8.6** Tá an Roinn freagrach as Teach Chill Airne. Fuair an Stát Teach Chill Airne agus an chuid is mó den eastát taobh leis in 1978. Lean na húinéirí a bhí ar an teach ag cónaí sa teach go dtí 1998 tráth ar ghlac an Stát smacht ar an teach agus ar an talamh a bhí fágtha. Ní raibh aon chónaí sa teach riamh ó shin. Fógraíodh clár athchóirithe in 2011, ar chostas measta €8.5 milliún. Táthar ag súil go mbeidh an teach agus na gairdíní ar oscailt don phobal in 2016.

**8.7** Bhí catagóiriú déanta ar an ábhar i dTeach Chill Airne sular tógadh amach iad in 1999 roimh athchóiriú an tí. Bunaithe ar mheasúnú ar mhéid gach ceann de na rudaí a bhí sa teach, ar a luach agus ar bhail na rudaí, cuireadh roinnt díobh i stóras príobháideach agus cuireadh roinnt eile i stóras i dTeach Mhucrois gar do bhaile. Ba é líon iomlán na rudaí a cuireadh i stóras príobháideach ná 81, agus bhí luach €920,000 ag gabháil leo ag an am.

**8.8** Fuarthas amach go raibh roinnt rudaí imithe amú i mí Dheireadh Fómhair 2012 nuair a tugadh dhá phéinteáil faoi deara ag ceant. D'aithin foireann na Roinne gur rudaí iad a bhí curtha i stóras príobháideach. Measadh i luacháil a rinneadh thar ceann na Roinne in 1999 gurbh fhiú thart ar €32,000 na péinteálacha seo.

**8.9** Tar éis fáil amach go raibh siad bailithe amú, rinne an Roinn scrúdú ar na rudaí a bhí i stóras príobháideach. Fuarthas amach sa scrúdú go raibh 39 rud, lena n-áirítear na 26 phéinteáil ar fad, bailithe amú. Ba é luach iomlán an 39 rud ná €552,000. Thug an Roinn tuairisc don Gharda Síochána faoi agus d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá fiosrúchán ar bun ag na Gardaí ó 2012 i leith. Iarradh sonraí maidir leis na rudaí a fuarthas mar chuid den fhiosrúchán sin. Dúirt an Roinn nach raibh sí in ann, ar chomhairle an Gharda Síochána, an t-eolas sin a thabhairt.

**8.10** I ndiaidh fáil amach go raibh na rudaí imithe amú, cuireadh na rudaí eile go léir as Teach Chill Airne a bhí i stóras príobháideach isteach i saoráid stórála na Roinne ag Ionad Acmhainní na mBailiúchán.

## Fócas an Imscrúdaithe sin

**8.11** De bhun na n-athbhreithnithe ar athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh agus ar theagmhais tuairiscithe maidir le rudaí a chuaigh amú, rinneadh an t-imscrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais, cleachtais agus ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa Roinn agus san OPW chun sócmhainní oidhreachta sochorraithe a rialú agus a bhainistiú. Dhírigh an t-imscrúdú go háirithe ar

- bheartais scríofa maidir le bailiúchán
- nósanna imeachta maidir le sócmhainní oidhreachta a fháil, a dhiúscairt agus a thabhairt ar iasacht
- sócmhainní oidhreachta a thaifeadadh agus a chur i gcatalóga
- cúram an bhailiúcháin, lena n-áirítear seiceáil fardail agus monatóireacht ar bhail an bhailiúcháin, agus pleanáil i gcomhair tubaiste.

**8.12** Roghnaíodh cúig shuíomh imscrúdaithe chun na nósanna imeachta sin a thástáil. Tá ceithre shuíomh acu á mbainistiú ag an OPW – Emo Court, Teach Farmleigh, Gailearaí Glebe, agus Caisleán Cill Chainnigh. Is é an láithreán eile ar tugadh cuairt air ná Caisleán Ghleann Bheatha, atá á bhainistiú ag an Roinn.

**8.13** Rinneadh athbhreithniú freisin ar rialuithe atá i bhfeidhm ag saoráid stórála na Roinne in Ionad Acmhainní na mBailiúchán.[1] Tá taifid as an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta agus as Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann stóráilte ag an tsaoráid seo. Cuirtear rochtain ar na taifid sin ar fáil do thaighdeoirí ach coinne a dhéanamh roimh ré. Ina theannta sin, déantar iarsmaí a fhaightear ar thochailtí a stóráil go sealadach go dtí go ndéantar catalógú orthu, go gcuirtear tuarascálacha i gcrích agus go seoltar ar aghaidh iad chun Músaem Náisiúnta na hÉireann.

1 Áitíonn an Roinn thart ar 14% den spás sa tsaoráid.

## Clár um Chaighdeáin Músaeim d'Éirinn.

**8.14** Tá sé mar aidhm ag clár um chaighdeáin músaeim d'Éirinn na Comhairle Oidhreachta caighdeáin gairmiúla a thagarmharcáil agus a ardú i músaeim, gailearaithe agus gníomhaireachtaí bailiúcháin nach bhfeidhmíonn ar bhonn brabúis. Soláthraíonn an clár sraith íoschaighdeán a bhainfear amach maidir le rialú, cúram agus bainistiú músaem agus a gcuid bailiúcháin. Tá 34 chaighdeán sa chlár. Is féidir creidiúnú eatramhach a bhaint amach nuair a shroichtear na chéad 25 chaighdeán. Meastar go bhfuil siad siúd atá ag obair i dtreo creidiúnú eatramhaigh rannpháirteach sa chlár.

**8.15** Leagtar amach i Fíor 8.1 na maoine stairiúla atá faoi smacht an OPW agus na Roinne a bhfuil bailiúcháin acu agus cuirtear an stádas maidir le clár um chaighdeáin músaem in iúl maidir le gach ceann acu. Tá sé shuíomh OPW agus suíomh Roinne amháin rannpháirteach sa chlár.

**Fíor 8.1 Maoine stairiúla a bhfuil bailiúcháin acu atá á mbainistiú ag an OPW [a] agus ag an Roinn 2015**

| Stádas um chaighdeán músaeim | Réadmhaoin | Arna bhainistiú ag |
|---|---|---|
| ***Creidiúnú iomlán – comhlíonadh na 34 chaighdeán go léir*** | Teach Bhaile an Chaisleáin | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Teach Farmleigh | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Iarsmalann an Phiarsaigh | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Teach Mhucrois | Roinn |
| ***Creidiúnú eatramhach – baineadh amach na chéad 25 chaighdeán agus ag obair i dtreo na naoi chaighdeán eile a bhaint amach*** | Caisleán Bhaile Átha Cliath | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| ***Rannpháirteach – istigh sa chlár agus ag obair i dtreo creidiúnú eatramhaigh*** | Caisleán Chill Chainnigh | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Caisleán Ráth Fearnáin | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| ***Nach bhfuil rannpháirteach sa chlár*** | Gairdíní Altamont | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Na Blascaodaí | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Garraithe na Lus[b] | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | The Casino, Marino | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Tigh Mór Dhoire Fhíonáin | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Emo Court | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Oileán an Chuilinn | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Teach agus Gailearaí Glebe | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Príosún Chill Mhaighneann | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | An Seandroichead | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann | Oifig na nOibreacha Poiblí |
| | Caisleán Ghleann Bheatha | Roinn |
| | Teach Chill Airne[c] | Roinn |

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Nótaí:

a In éineacht leis na maoine atá liostaithe thuas, tá deich gcinn de mhaoine ag an OPW nach bhfuil aon bhailiúcháin ghaolmhara de shócmhainní oidhreachta acu. Is iad sin ná: Reilig Chnoc an Arbhair; Páirc Dhún ar Aill; Crannlann agus Gairdíní Fota; An Gairdín Cuimhneacháin; Reilig Mhíleata Ghráinseach Ghormáin; Gairdíní Heywood; Gairdíní Uíbh Eachach; Leacht Cuimhneacháin Náisiúnta ar an gCogadh; Páirc an Fhionnuisce; Faiche Stiabhna.

b Is speicis phlandaí formhór na sócmhainní oidhreachta ag Garraithe na Lus. Mar sin féin, tá saothar ealaíne, leabhair agus troscán sealbhaithe ann freisin.

c Tugadh amach an bailiúchán gaolmhar in 1999 agus cuireadh i stóras é.

## Beartais Scríofa

**8.16** Luafaí i sraith chuimsitheach de dhoiciméid beartais ó bhailiúcháin músaeim an aidhm atá le bailiúchán agus conas, agus cén bealach, a bhainfear amach an aidhm luaite. Ba cheart go leagfaí amach i mbainistiú gach láithreáin ag a bhfuil ábhair oidhreachta ar taispeáint an ról sonrach atá le rudaí a chur ar fáil le feiceáil agus/nó i gcomhair taighde.

**8.17** Chomh maith le ráiteas misin, ba cheart go mbeadh treo straitéiseach fadtéarmach agus cuspóirí leathana beartais don bhailiúchán leagtha amach i ráiteas straitéise. Ba cheart go dtabharfaí treoir sa doiciméad sin maidir leis na straitéisí agus na pleananna oibríochta a chaithfear a réiteach lena chinntiú go dtabharfar cúram ceart do na bailiúcháin ag gach suíomh.

### *Straitéis Fhoriomlán*

**8.18** Áirítear i ráiteas misin ráiteas straitéise na Roinne 2015 – 2017 an cuspóir 'oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint'. Áirítear lena spriocanna ardleibhéil 'ár n-oidhreacht shainiúil a chaomhnú agus a bhainistiú ar mhaithe le glúnta reatha agus amach anseo'. I measc na straitéisí atá ann chun an sprioc sin a bhaint amach tá beartais agus reachtaíocht chun oibleagáidí oidhreachta an AE agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, agus feidhmiú agus forfheidhmiú éifeachtach na mbeartas oidhreachta.

**8.19** Leagann an OPW amach a cuid oibleagáidí ardleibhéil maidir leis na maoine oidhreachta ina ráiteas straitéise agus tá dréacht-straitéis le haghaidh seirbhísí oidhreachta á breithniú.

### *Straitéisí Suíomhoiriúnaithe*

**8.20** Bhí an méid beartas scríofa a bhí ag gach suíomh ar a ndearnadh imscrúdú leagtha síos i Fíor 8.2.

**Fíor 8.2 Beartais Scríofa atá i bhfeidhm**

| Beartas | Teach Farmleigh | Caisleán Chill Chainnigh | Emo Court | Gailearaí Glebe | Caisleán Ghleann Bheatha |
|---|---|---|---|---|---|
| Ráiteas misin | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |
| Plean straitéiseach bainistíochta | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |
| Lámhleabhar maidir le nósanna imeachta doiciméadúcháin | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |
| Cúram don straitéis bailiúcháin | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |
| Beartas bailiúcháin | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |
| Beartas oideachais | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |
| Beartas taispeántais | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**8.21** Maidir le saoráid stórála na Roinne, cé nach bhfuil feidhm leis na doiciméid beartais sin go léir, tá roinnt acu ábhartha. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil dréacht-bheartais agus doiciméid nós imeachta ann lena n-áirítear doiciméid aistrithe, sceidil choinneála agus áiseanna fionnachtana.

## Fáil, Diúscairt agus Iasachtaí

**8.22** Ba cheart na nósanna imeachta maidir le nithe a fháil agus a dhiúscairt a bhreacadh síos go hiomlán. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go nglactar cinntí maidir le bailiúchán a leathnú agus a chur amach ar conradh leis an mbeartas bailiúchán ceadaithe. Cuidíonn nósanna imeachta den sórt sin chun gluaiseachtaí sócmhainní a rialú.

**8.23** Go ginearálta, baineann na bailiúcháin ag gach suíomh ar tugadh cuairt orthu go sonrach leis an suíomh agus mar thoradh air sin, ní bhíonn ábhar breise agus diúscairtí rialta. Nuair a bhíonn ábhar breise i gceist is rudaí iad go ginearálta a bhaineann leis an suíomh nó lena áitritheoirí roimhe sin. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar aon ábhar a d'fhéadfaí a fháil agus chun ceannach nó iasacht isteach an ábhair(na n-ábhar) a cheadú.

**8.24** Bhí beartas fála agus diúscartha ag trí cinn de na cúig shuíomh ar a tugadh cuairt (féach Fíor 8.3).

**8.25** Mar chuid de ghnáthchúrsa a cuid gnó chun taispeántais a chur ar siúl, féadfaidh suíomh ábhar oidhreachta a fháil ar iasacht chun cuid de thaispeántas nó an taispeántas ar fad a dhéanamh suas. Ar an gcaoi chéanna, is féidir ábhair a thabhairt ar iasacht de réir mar atá an suíomh gar do ghníomhaireachtaí eile Stáit nó do ghníomhaireachtaí príobháideacha laistigh den Stát nó thar lear chun cur le taispeántas. I gcás den sórt sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéanann an té a fhaigheann an t-ábhar gach ábhar a iompar, a láimhseáil, a thaispeáint agus a chur ar ais i riocht mhaith.

**8.26** Ba cheart socruithe iasachta a chur i bhfeidhm ina mbeidh soláthar do chúram, iompar agus gach saincheist ábhartha a bhaineann leis na hábhair atá ar iasacht. Bhí beartas iasacht i bhfeidhm ag trí cinn de na cúig shuíomh agus bhí comhaontuithe iasachta in úsáid acu (féach Fíor 8.3).

**Fíor 8.3 Beartais maidir le fáil, diúscairt agus iasachtaí**

| | Teach Farmleigh | Caisleán Chill Chainnigh | Emo Court | Gailearaí Glebe | Caisleán Ghleann Bheatha |
|---|---|---|---|---|---|
| Beartas éadála | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Beartas diúscartha | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |
| Beartas iasachta | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**8.27** Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag saoráid stórála na Roinne chun ábhair a fháil agus a stóráil agus chun ábhair a aistriú chuig Músaem Náisiúnta na hÉireann.

## Sócmhainní Oidhreachta a Thaifeadadh agus a Chatalógú

**8.28** Is rialú tábhachtach é clár sócmhainne chun sócmhainní seasta eagraíochta a thaifeadadh agus a bhainistiú. Ba cheart go dtaispeánfaí i gclár ainm/cur síos ar an ábhar, dáta na héadála, costas, luach reatha agus aicme sócmhainne. Ba cheart cur síos gairid ar an tsócmhainn (lena n-áirítear a riocht agus aon ghnéithe ar leith) agus sraithuimhir nó clib sócmhainne a thaifeadadh freisin.

**8.29** I gcomhthéacs na n-ábhar oidhreachta, cuirtear feabhas ar chaighdeán agus ar luach na faisnéise faoi ábhar trí shonraí eile a thaifeadadh cosúil le foinse, táirgeoir, úinéirí roimhe sin, cur síos iomlán ar an ábhar agus a stair/cúige, agus an tábhacht atá leis don bhailiúchán.

**8.30** Tá clár sócmhainní seasta ag an Roinn, ina dtaifeadtar sócmhainní a bhfuil luach os cionn €1,000 ag gabháil leo, ina gcuimsítear talamh, foirgnimh, troscán agus feistis. Cé go dtaifeadtar roinnt sócmhainní oidhreachta ann, ní thaifeadtar an chuid is mó acu ar an bpríomhchlár. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn, mar shampla, go bhfuil an t-ábhar go léir atá i dTeach Chill Airne atá ina stór lárnach taifeadta ar an bpríomhchlár ach nach bhfuil na hábhair atá stóráilte ag Teach Mhucrois. Mar sin féin, coinnítear taifid de shócmhainní oidhreachta go háitiúil ag gach láithreán.

**8.31** Coinníonn an OPW phríomhchlár sócmhainní seasta freisin, agus sa chás sin taifeadtar na sócmhainní go léir ar fiú os cionn €300 iad. Tá sócmhainní oidhreachta a fuarthas ó 2008 i leith taifeadta ar an gclár. Níl na cinn a fuarthas roimh 2008 taifeadta ar an gclár. Coinnítear príomhchlár de na hábhair go léir i mbailiúchán ealaíne an Stáit (lena n-áirítear suíomh sannta na sócmhainne).

**8.32** Tá taifid sócmhainní oidhreachta coinnithe ag gach suíomh den OPW. Tá pacáiste bogearraí faighte ag suíomhanna atá ar lorg creidiúnaithe ar an gclár um chaighdeáin músaeim lena n-éascaítear sonraí taifeadta gach ábhar lena n-áirítear cur síos, gluaiseacht, riocht, grianghraif srl. Taifeadann suíomhanna eile a gcuid sócmhainní ar scarbhileog agus bainistíonn siad gluaiseachtaí tríd an scarbhileog a thabhairt chun dáta.

**8.33** Le linn an imscrúdaithe seo, tugadh le fios le seiceálacha ar shampla de na taifid ag gach ceann de na suíomhanna ar tugadh cuairt orthu go raibh na taifid sócmhainne a bhí á gcoinneáil go háitiúil cruinn.

## Cúram do Bhailiúcháin

**8.34** Má fhaigheann bailiúcháin cúram ceart laghdaítear an baol go rachaidh míreanna sa bhailiúchán amú nó go ndéanfar damáiste dóibh. Is iad na príomhrudaí a mbíonn imní fúthu ná cothabháil, an comhshaol, rialú lotnaidí, agus freagra ar éigeandálaí. Déantar é sin trí bheartais, nósanna imeachta agus cleachtais chuimsitheacha agus chomhordaithe a bheith ann maidir leis na bailiúcháin.

### *Seiceáil Fardail agus Monatóireacht ar Bhail*

**8.35** Mar a tharlaíonn i gcás gach sócmhainne, ba cheart seiceálacha tréimhsiúla a dhéanamh ar shócmhainní oidhreachta le deimhniú go bhfuil an tsócmhainn fós ann. Mar gheall ar na cineálacha sócmhainní a bhíonn i gcuid mhaith bailiúchán, tá sé tábhachtach go ndéanfaí monatóireacht agus measúnú rialta ar bhail na sócmhainne. D'fhéadfadh cuid mhaith sócmhainní oidhreachta a bheith soghonta, mar shampla, d'imthosca comhshaoil amhail teocht, taise, feithidí srl. Caithfear an leochaileacht shonrach a aithint agus a thaifeadadh le freagra iomchuí a bheidh deartha chun aon tionchar tromchúiseach a d'fhéadfadh a bheith i gceist a íoslaghdú.

**8.36** I ngach suíomh ar tugadh cuairt, déantar fardail ag idirthréimhsí éagsúla idir sheiceálacha laethúla agus bliantúla.

**8.37** Chuir an Roinn deimhniú fisiceach i gcrích ar a cuid sócmhainní go léir, lena n-áirítear sócmhainní oidhreachta, in 2012 agus 2013. In 2014, cuireadh tús le clibeáil na sócmhainní go léir ag gach suíomh. Tar éis na clibeála, beidh gach sócmhainn faoi réir spotseiceálacha ó 2015. Tá sócmhainní leochaileacha, lena n-áirítear saothar ealaíne, faoi réir deimhnithe bliantúla.

**8.38** Mar chuid den phróiseas creidiúnaithe chun dul isteach sa chlár um chaighdeáin músaeim, rinneadh athbhreithnithe inmheánacha san OPW ag ceithre shuíomh.[1] Chomh maith leis sin, rinneadh iniúchta inmheánacha ag Garraithe na Lus.

**8.39** Dúirt an OPW i measc na n-eachtraí a aithníodh ina ndeachaigh míreanna amú nó ina ndearnadh damáiste dóibh ná

- Tugadh damáiste don Burgoyne Bell arna sealbhú ag Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann faoi deara tar éis an suíomh a úsáid i gcomhair imeachta. Fuarthas costas na ndeisiúchán ar ais ó shin.
- Bhí raca litreacha goidte ó thaispeáint ag Músaem an Phiarsaigh in 2012 agus bhí grianghraf curtha amú nó goidte ón músaem céanna roimh 2012. Tugadh iad sin faoi deara le linn gnáthsheiceálacha a rinneadh.
- Rinneadh damáiste do líon beag leabhar a bhí ar iasacht ag Garraithe na Lusa agus goideadh píosa de dhealbh a bhí lasmuigh.

### *Bailiúchán Ealaíne an Stáit*

**8.40** Tá os cionn 16,000 saothar i mbailiúchán ealaíne an Stáit. Tá péintéireachtaí stairiúla agus comhaimseartha sa bhailiúchán, agus priontaí bunaidh, dealbhóireacht, míreanna maisiúla, ceol, suiteálacha meán measctha agus filíocht. Tá beagnach an bailiúchán iomlán (thart ar 92% de na míreanna) ar taispeáint phoiblí in os cionn 400 foirgneamh Stáit.

**8.41** Tá beartais agus nósanna imeachta chun an bailiúchán a bhainistiú, le haghaidh fhoireann an OPW agus ranna iasachta, leagtha amach i lámhleabhar bainistíochta ealaíne. Ina measc tá beartais maidir le fáil, diúscairt agus iasachtaí chomh maith le cúram an bhailiúcháin. Dúirt an OPW go dtugann sé faoi sheiceálacha fardail rialta agus go ndéanann sé monatóireacht ar bhail na saothar ealaíne.

1 Caisleán Bhaile Átha Cliath, Teach Bhaile an Chaisleáin, Caisleán Ráth Fearnáin, Teach Farmleigh.

**8.42** Idir Eanáir 2012 agus Nollaig 2014, rinneadh suirbhé ar mhíreanna a aimsíodh in 184 shuíomh. Thaifead an OPW 173 mhír ealaíne ar iasacht nó a bhí imithe amú, agus astu sin fuarthas ar ais 36 acu. Is é luach measta an 173 mhír ná €49,000 agus is é luach na míreanna atá le fáil ar ais go fóill ná €37,000. Tugtar achoimre i Fíor 8.4ar na heachtraí de réir na rannóige iasachta.

**Fíor 8.4 Bailiúchán ealaíne an Stáit – míreanna a aithníodh mar chinn a bhí imithe amú**

| Rannóg/Oifig Iasachta | Líon na n-ábhar | | |
|---|---|---|---|
| | Iomlán leis an iasachtóir | Aitheanta mar cheann imithe amú | Faighte ar ais |
| OPW (lena n-áirítear maoine oidhreachta) | 6,745 | 5 | – |
| Tithe an Oireachtais | 707 | 44 | 24 |
| Oideachas agus Scileanna | 754 | 20 | 5 |
| Gnóthaí Eachtracha | 779 | 17 | – |
| Airgeadas | 325 | 16 | 2 |
| Poist, Fiontar agus Nuálaíocht | 159 | 13 | – |
| An Garda Síochána | 853 | 11 | 1 |
| An tSeirbhís Chúirteanna | 310 | 9 | – |
| An Taoiseach | 404 | 9 | – |
| Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 142 | 7 | – |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | 646 | 6 | 1 |
| Coimirce Shóisialta | 533 | 5 | 2 |
| Eile | 1,312 | 11 | 1 |
| **Iomlán** | | **173** | **36** |

Foinse: Oifig na nOibreacha Poiblí

**8.43** Dúirt an OPW go bhfuil sé ag iarraidh na rudaí a chuaigh amú a aimsiú. Cláraítear gach saothar ealaíne nua a fhaightear anois, glactar grianghraf dóibh agus marcáiltear iad mar mhaoin an Stáit. Marcáiltear go leanúnach saothair níos sine mar mhaoin an Stáit.

**8.44** In 2012, rinne an OPW athbhreithniú ar a cuid nósanna imeachta chun bailiúchán ealaíne an Stáit a bhainistiú. Thug sé isteach conradh iasacht foirmiúil a bheidh le comhaontú le heagraíochtaí a bheidh ag iarraidh saothar ealaíne ón mbailiúchán a fháil ar iasacht. Leagtar síos sa chonradh na dualgais agus na freagrachtaí atá ar an iasachtóir maidir le saothar ealaíne ar iasacht.

**8.45** Dúirt an OPW go bhfuil lámhleabhar bainistíochta ealaíne na hoifige á tabhairt cothrom chun dáta faoi láthair. Nuair a bheidh sé sin déanta, tá sé i gceist aige cruinnithe a eagrú leis an bhfoireann ábhartha i ranna iasachta chun iad a chur ar an eolas faoina gcuid freagrachtaí maidir le saothar ealaíne a chur ar taispeáint.

### *Pleanáil i gcomhair Tubaistí*

**8.46** Ba cheart na rioscaí a bhaineann le sócmhainní aonair agus leis an suíomh ina sealbhaítear iad, bídís ar taispeáint nó i stóras a leagan síos agus ba cheart céimeanna a ghlacadh lena chinntiú go maolaítear chomh mór agus is féidir na rioscaí sin. Ba cheart go mbeadh pleananna cuimsitheacha ann lena chinntiú i gcás dóiteáin, tuilte, srl go nglactar gach céim is gá chun na míreanna oidhreachta a chosaint. Bhí pleananna i gcomhair tubaistí ag trí cinn de na cúig shuíomh (féach Fíor 8.5).

**Fíor 8.5 Beartas Tubaiste i bhfeidhm**

| | Teach Farmleigh | Caisleán Chill Chainnigh | Emo Court | Gailearaí Glebe | Caisleán Ghleann Bheatha |
|---|---|---|---|---|---|
| Beartas Tubaiste | ✓ | ✓ | × | ✓ | × |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**8.47** Níl aon phlean freagartha tubaistí i bhfeidhm le haghaidh saoráidí stórála na Roinne. Mar sin féin, bhí cainteanna ag an Roinn le Músaem Náisiúnta na hÉireann arb é an príomh-thionónta é san Ionad Acmhainní Bailiúchán, maidir le plean a chur le chéile.

## Conclúidí agus Moltaí

**8.48** Teastaíonn beartais, nósanna imeachta agus cleachtais iomchuí lena chinntiú go ndéantar sócmhainní oidhreachta a chosaint, a rialú agus a bhainistiú i gceart. Soláthraíonn an clár um chaighdeáin músaeim d'Éirinn sraith caighdeán maidir le bailiúcháin a rialú, aire a thabhairt dóibh agus iad a bhainistiú. Tá sé cinn de shuíomhanna oidhreachta leis an OPW rannpháirteach sa chlár seo agus tá creidiúnú iomlán bainte amach ag trí cinn acu. Tá creidiúnú iomlán bainte amach freisin ag suíomh amháin de chuid na Roinne. Tá 11 réadmhaoin eile ag an OPW agus tá dhá réadmhaoin eile ag an Roinn a bhfuil bailiúcháin ghaolmhara de shócmhainní oidhreachta acu áit nár lorgaíodh rannpháirtíocht sa chlár go dtí seo.

**8.49** I bpéire de na réadmhaoine seo ar tugadh cuairt orthu mar chuid den imscrúdú seo, ní raibh bunriachtanais ann maidir le sócmhainní oidhreachta a chaomhnú, a rialú agus a bhainistiú.

#### Moladh 8.1

Ba cheart don OPW agus don Roinn machnamh a dhéanamh ar oiriúnacht na suíomhanna go léir a bhfuil bailiúcháin de shócmhainní oidhreachta acu maidir lena rannpháirtíocht sa chlár um chaighdeáin músaeim.

#### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

Comhaontaithe. Tá creidiúnú iomlán cheana féin ag Teach Mhucrois agus déanfaidh an Roinn measúnú ar na buntáistí a d'fhéadfaí a bhaint as rannpháirtíocht Chaisleán Ghleann Bheatha agus Theach Chill Airne sa chlár.

### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Tá obair ag dul ar aghaidh i dtreo an chaighdeáin a bhaint amach i suíomhanna iomchuí. Mar sin féin, i gcás suíomhanna eile b'fhéidir nach é an caighdeán an cur chuige is fearr toisc go mbeadh an forchostas riaracháin níos mó ná aon bhuntáistí a thabhófaí. Glacfar nósanna imeachta dea-chleachtais ag na suíomhanna sin.

**8.50** Cé go bhfuil cláir sócmhainní seasta lárnach ag an OPW agus ag an Roinn araon, ní dhéanann siad sin taifeadadh ach ar líon beag de na sócmhainní oidhreachta atá á sealbhú. Déantar taifeadadh ar fhormhór na sócmhainní oidhreachta go háitiúil agus, dá bhrí sin, is beag a bheadh ag teastáil chun na sonraí a ionchorprú isteach i dtaifid lárnacha mar chlár na sócmhainní seasta.

### Moladh 8.2

Ba cheart sócmhainní oidhreachta a thaifeadadh go lárnach lena chinntiú go ndéantar iad a rialú agus a chosaint i gceart.

### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

Comhaontaithe. Déanfaidh an Roinn taifeadadh ar na sócmhainní sin de réir cheanglais Chiorclán 02/2004 na Roinne Airgeadais.

### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Tá sócmhainní oidhreachta a fuarthas ó 2008 i leith taifeadta ar an gclár sócmhainní seasta. Tá roinnt beart i bhfeidhm ag gach suíomh lena chinntiú go ndéantar sócmhainní oidhreachta a rialú agus a chosaint. Tá machnamh á dhéanamh ar na córais bhogearraí atá i láithreáin éagsúla faoi láthair a lárú ar mhaithe le sócmhainní oidhreachta a thaifeadadh.

**8.51** Ó mhí Eanáir 2012, rinne an OPW athbhreithniú ar shócmhainní oidhreachta i nGarraithe na Lus agus i gceithre shuíomh eile, mar chuid dá gcreidiúnú le haghaidh an chláir um chaighdeáin mhúsaeim. Sa Roinn, rinneadh athbhreithniú ar shócmhainní oidhreachta in 2012 mar chuid de imscrúdú iniúchta inmheánaigh a rinneadh ar shócmhainní seasta ginearálta.

### Moladh 8.3

D'fhonn a chinntiú go bhfeidhmeoidh nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta áitiúla go héifeachtach, ba cheart smaoineamh ar chlár athbhreithnithe agus cigireachtaí neamhspleách rialta a chur ar bun, a bheadh leagtha amach go sainiúil le haghaidh sócmhainní oidhreachta.

### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne

Comhaontaithe. Leanfar d'athbhreithnithe bliantúla a dhéanfaidh an bhainistíocht áitiúil ar shócmhainní oidhreachta. Déanfaidh Rannóg Seirbhísí Corparáideacha na Roinne cigireacht neamhspleách freisin ar shócmhainní oidhreachta agus déanfar é sin ar bhonn rialta trí chlár rollaithe cigireachtaí.

### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Tugtar faoi iniúchtaí agus spotseiceálacha rialta maidir le bailiúchán ealaíne an Stáit. Déanfar machnamh ar chóras iniúchtaí agus spotseiceálacha den chineál céanna le haghaidh sócmhainní oidhreachta eile.

**8.52** Thug an OPW nósanna imeachta athbhreithnithe isteach in 2012 chun saothar ealaíne a thabhairt ar iasacht d'oifigí rialtais agus d'fhoirgnimh phoiblí. Bíonn comhaontuithe foirmiúla idir an OPW agus an té atá ag fáil na hiasachta ina leagtar amach dualgais agus oibleagáidí an iasachtóra maidir leis na míreanna a bhíonn ar iasacht.

### Moladh 8.4

D'fhonn bailiúchán ealaíne an Stáit a chothú, ba cheart don OPW dearbhú foirmiúil a iarraidh maidir leis na míreanna atá ar iasacht ag daoine ar bhonn bliantúil agus smaoineamh ar chlár spotseiceálacha a thabhairt isteach.

### Freagra Oifigeach Cuntasaíochta an OPW

Comhaontaithe. Iarrfaidh an OPW dearbhú foirmiúil ó ranna iasachta maidir leis na míreanna atá amuigh ar iasacht. Tar éis anailís a dhéanamh ar na freagraí, cuirfear tús le clár iniúchta go luath in 2016.